RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1960 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Samhain 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta, ba cheart na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. POČIVALŠEK

([1]) IO L 291, 12.11.2019, lch. 3.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2:

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Mehmet Ferruh AKALIN	Dáta breithe: 9.12.1960 Uimhir Phas nó Aitheantais: 13571379758 Náisiúntacht: Turcach Inscne: fireann	Tá Mehmet Ferruh Akalın ina Leas-Uachtarán (Bainisteoir Cúnta Ginearálta) agus ina chomhalta ar Bhord Stiúrthóirí Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO). Tá sé ina cheann ar Roinn Taiscéalaíochta TPAO. Ina cháil mar Leas-Uachtarán TPAO agus mar cheann na Roinne Taiscéalaíochta, tá Mehmet Ferruh Akalın freagrach as gníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO, nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos. Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin: (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019.	27.2.2020

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	Ali Coscun NAMOGLU	Dáta breithe: 27.11.1956 Uimhir Phas nó Aitheantais: 11096919534 Náisiúntacht: Turcach Inscne: fireann	Tá Ali Coscun Namoglu ina Leas-Stiúrthóir ar Roinn Taiscéalaíochta Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO). Sa cháil sin, tá Ali Coscun Namoglu páirteach i ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos. Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin: (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir 2020 agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019.	27.2.2020”